Comhairle an
Aontais Eorpaigh

An Bhruiséil, 20 Meitheamh 2019
(OR. en, pt, de)

**Comhad Idirinstitiúideach:
2016/0359(COD)**

**9170/2/19
REV 2 ADD 1 REV 1**

**CODEC 1052
JUSTCIV 119
EJUSTICE 64
ECOFIN 483
COMPET 389
EMPL 264
SOC 356**

**NÓTA MAIDIR LE MÍR "I/A"**

| | |
|---|---|
| ó: | Ardrúnaíocht na Comhairle |
| chuig: | Coiste na mBuanionadaithe/An Chomhairle |
| Ábhar: | Dréacht-TREOIR Ó PHARLAIMINT NA hEORPA AGUS ÓN gCOMHAIRLE maidir le creataí um athstruchtúrú coisctheach, maidir le hurscaoileadh fiachais, agus maidir le dícháilíochtaí agus maidir le bearta chun éifeachtúlacht nósanna imeachta athstruchtúraithe, dócmhainneachta agus urscaoilte fiachais a fheabhsú, agus lena leasaítear Treoir (AE) 2017/1132 (an Treoir maidir le hathstruchtúrú agus dócmhainneacht) **(an chéad léamh)**<br>- Glacadh an ghnímh reachtaigh<br>- Ráitis |

**Ráiteas ón bPortaingéil**

Admhaíonn an Phortaingéil nach bhfuil dóthain solúbthachta i dtéacs an togra le haghaidh Treoir ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle maidir le creataí um athstruchtúrú coisctheach, dara deis agus bearta chun éifeachtúlacht nósanna imeachta athstruchtúraithe, dócmhainneachta agus urscaoilte a fheabhsú agus lena leasaítear Treoir 2012/30/AE chun cead a thabhairt do na Ballstáit catagóirí sonracha fiachais a eisiamh ó urscaoileadh fiachais, nó chun srian a chur ar rochtain ar urscaoileadh fiachais nó tréimhse urscaoilte níos faide a leagan síos ina mbeidh údar cuí le heisiaimh, srianta nó tréimhsí níos faide den sórt sin.

De réir mar a thuigeann an Phortaingéil, féadfaidh na Ballstáit forálacha a choinneáil nó a thabhairt isteach lena n-eisiatar nó lena gcuirtear srian ar rochtain ar urscaoileadh fiachas cánach, ní hamháin toisc go meastar go bhfuil údar cuí le bearta den sórt sin de bharr chineál speisialta na bhfiachas cánach, ach freisin toisc go mbeadh gá le bunús dlí sonrach éagsúil, faoi réir nósanna imeachta reachtacha speisialta, mar a fhorordaítear sa Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh, le haghaidh ghlacadh reachtaíocht de chuid an Aontais ag a mbeadh tionchar ar chánacha láimhdeachais, dleachtanna máil agus foirmeacha eile cánachais a íoc.

Agus é sin á chur san áireamh, ba mhaith leis an bPortaingéil an seasamh sin a fhorchoimeád i ndáil le rialáil na rochtana ar urscaoileadh fiachas cánach agus an Treoir á trasuí.

**<u>Ráiteas ón nGearmáin</u>**

Maidir leis an togra ón gCoimisiún le haghaidh Treoir ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle maidir le creataí um athstruchtúrú coisctheach, dara deis agus bearta chun éifeachtúlacht nósanna imeachta athstruchtúraithe, dócmhainneachta agus urscaoilte a fheabhsú (COM(2016) 723), déanann an Ghearmáin seasamh Pharlaimint na hEorpa a fhormheas ag an gcéad léamh.

I.

Agus tagairt á déanamh aici dá ráitis i miontuairiscí chruinnithe den Chomhairle Ceartais agus Gnóthaí Baile a bhí ar siúl ar an 4/5 Meitheamh agus an 11/12 Deireadh Fómhair 2018, áfach, athdhearbhaíonn an Ghearmáin go bhfuil sí den tuairim nach gcuireann an togra go leordhóthanach leis na bearta is gá chun iasachtaí neamhthuillmheacha a laghdú go hinbhuanaithe agus iad a sheachaint amach anseo, i gcomhthéacs an aontais baincéireachta. Chun na críche sin, theastódh gnéithe níos cuimsithí, amhail a áirithiú go mbeadh rochtain éifeachtúil ag creidiúnaithe urraithe ar luach an urrúis chomhthaobhaigh i nósanna imeachta leachtaithe.

Ina theannta sin, le Teideal II (Creataí um Athstruchtúrú Coisctheach) den Treoir, ceadaítear an lánrogha náisiúnta a fheidhmiú maidir le líon mór roghanna, rud a fhágann gur féidir leis na Ballstáit cineálacha áirithe cur chun feidhme a úsáid nach gcuireann cosaintí leordhóthanacha ar bun i gcoinne drochúsáide agus i gcoinne iarrachtaí athstruchtúraithe atá neamhéifeachtach go heacnamaíoch. Féadfaidh sin moill a chur ar imeachtaí dócmhainneachta riachtanacha, agus d'fhéadfadh rátaí fillte níos ísle a bheith mar thoradh ar an moill sin.

Anuas air sin, ba cheart gurbh éigeantach do gach Ballstát sonraí a bhailiú maidir leis na rátaí aisghabhála atá beartaithe faoi phointe (b) d'Airteagal 29(3) de Theideal V (Faireachán), d'fhonn comparáid a dhéanamh ar éifeachtúlacht na n-imeachtaí dócmhainneachta i gcomhthéacs an aontais baincéireachta.

Mar thoradh air sin, níl an t-íosleibhéal cosanta creidiúnaithe is gá le fáil sa Treoir atá beartaithe agus, dá bhrí sin, ní céim mhór í an Treoir i dtreo *Action plan to tackle non-performing loans in Europe* [Plean Gníomhaíochta chun dul i ngleic le hiasachtaí neamhthuillmheacha san Eoraip], an 11 Iúil 2017, a bhaint amach.

II.

Ar deireadh, de réir mar a thuigeann an Ghearmáin tá an Treoir, mar a luaitear in aithris 95, faoi réir Choinbhinsiún Cape Town ar leasanna idirnáisiúnta i dtrealamh soghluaiste an 16 Samhain 2001 (IO L 121, 15.5.2009, lch. 8.) agus na prótacail go léir a ghabhann leis, agus nár soiléiríodh é sin sna téarmaí achtacháin — in Airteagal 31(3) — toisc nár tháinig na Prótacail bhreise nach dtagraítear dóibh iontu i bhfeidhm go fóill, agus ar an gcúis sin amháin. Dá bhrí sin, glacann an Ghearmáin leis, i gcás coinbhleacht leis na Prótacail bhreise maidir le Coinbhinsiún Cape Town ar leasanna idirnáisiúnta i dtrealamh soghluaiste an 16 Samhain 2001, a luaithe a thiocfaidh siad i bhfeidhm, nach ndéanfaidh an Treoir seo difear do chur i bhfeidhm na bPrótacal breise sin agus gur féidir coinbhleacht le forálacha an dlí idirnáisiúnta a chur as an áireamh dá réir sin.